

Vacsáin Niúmacocúil

Bileog Eolais do Thuismitheoirí

Cad is galar niúmacocúil ann?

Ionfhabhtú leis an mbaictéar *Streptococcus pneumoniae* is cúis leis an ngalar niúmacocúil. Is é an baictéar seo an chúis is coitianta atá leis na h-ionfhabhtuithe meiningíteas, niúmóine, sinusitis agus ionfhabhtú cluaise i leanaí.

Conas a scaiptear an galar niúmacocúil?

Maireann na baictéir a mbíonn an galar niúmacocúil mar thoradh air sa tsrón agus sa scornach. Is féidir le duine a bhfuil an baictéar á iompar aige/aici an galar a scaipeadh trí chasacht, sraothartach nó ag anáilú fiú.

Cad iad na galair atá mar thoradh air?

D'fhéadfadh tinnis thromchúiseacha a bheith mar thoradh ar an ngalar niúmacocúil, ina measc:

- Meiningíteas (athlasadh na líneála timpeall na hinchinne),
- Seipticéime (nimhiú fola),
- Niúmóine.

Cé is mó atá i mbaol?

Is ar leanaí faoi dhá bhliain d'aois agus daoine os cionn 65 bliain d'aois is coitianta a mbíonn an galar niúmacocúil orthu.

An bhfuil vacsaín ar fáil i gcoinne ghalar niúmacocúil?

Tá vacsaín chomhchuingeach niúmacocúil (PCV) tugtha do gach leanbh mar chuid den chlár imdhíonta óige ó 2008.

Tugtar an vacsaín PCV ag 2 mhí agus 6 mhí d'aois, ag an am céanna leis na vacsaíní eile.

An bhfuil sé sábháilte níos mó ná vacsaín amháin a fháil ag an am céanna?

Tá sé sábháilte. Tá na vacsaíní amaithe chun an chosaint is fearr a thabhairt do do leanbh.

An bhfuil an teanndáileog PCV de dhíth ó mo pháiste?

Ar mhaithe le cosaint bhreise in aghaidh ionfhabhtaithe níumacocúil a fháil, ba chóir dod' leanbh teanndáileog PCV a fháil ag 12 mhí, ag an am céanna leis an vacsaín MMR.

Cad leis a mbeifeá ag súil i ndiaidh an vacsaínithe?

D'fhéadfadh míchompóird, deargadh agus at a bheith san áit ar tugadh an t-instealladh i gcás roinnt leanaí.

D'fhéadfadh cantal agus fiabhras a bheith orthu. Má tharlaíonn sé seo, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein naíonán a thabhairt dóibh.

Ba chóir duit neart a thabhairt dóibh le n-ól chomh maith. Déan cinnte nach bhfuil siad ró-the agus nach bhfuil a gcuid éadaí ag cuimilt i gcoinne na háite inár tugadh an t-instealladh.

Cé nár chóir dóibh an vacsaín PCV a fháil?

Tá an vacsaín PCV sábháilte d'fhormhór na ndaoine. Mar sin féin, níor chóir dod' leanbh an vacsaín a fháil sa chás go raibh fíor-fhrithghníomh ailléirgeach (anaifilacsas) i gcoinne dáileoige roimhe seo nó i gcoinne aon chuid den vacsaín.

Cuimhnigh

Tugann PCV cosaint i gcoinne na dtréithchineálacha is coitianta Streptococcus pneumoniae a d'fhéadfadh meiningíteas níumacocúil agus seipticéime a bheith mar thoradh orthu.

Tá cúiseanna eile ann don mheiningítis agus seipticéime agus ní mór duit fios a bheith agat ar na comharthaí sóirt chun é a aithint. I measc na gcomharthaí sóirt tá:

- fiabhras,
- diúltú do bhia,
- cuma bán san éadan nó craiceann breactha, spotaí nó gríos, nó
- codlatacht nó deacair é/í a dhúisiú.

Má tá inní ort faoi do leanbh, glaoigh ar do dhochtúir teaghlaigh láithreach.

Chun tuilleadh eolais a fháil

- Déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh nó le d' altra sláinte poiblí
- Faigh cóip de "Imdhíontaí do Pháiste - Treoir do Thuismitheoirí" atá ar fáil ó d'altra sláinte poiblí.